

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

**AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH, 2023**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA**

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh ag:
<http://www.tuairisc.ie>; www.irishcentral.com;
<https://www.into.ie/media-centre/publications/intouch/>

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2023.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógra anseo ó *C.O.G.G.* Le bliain anuas, tá fáilte á cur ag scoileanna roimh leanáí ón Úcráin. Is leanáí iad nach mbíonn aon Ghaeilge acu nuair a shroicheadh siad an tír, ach, le cúnadh óna múinteoirí bunscoile, tá ag éirí leo muinín sa teanga a bhaint amach.

Tá roinnt acmhainní teanga forbartha ag *C.O.G.G.* chun cabhrú le múinteoirí bunscoile a bhfuil leanáí ón Úcráin ina seomraí ranga acu. I measc na n-acmhainní tá mataí teanga agus sraith de phóstaeir a forbraíodh i gcomhar le *Glór na nGael*. Díróinn na póstaer ar an ngné den teanga a bhaineann le beannachtaí bunúsacha agus beidh múinteoirí in ann na mataí teanga a úsáid chun feacht teanga a fhorbairt.

Is féidir tuilleadh eolais agus cóipeanna crua de na mataí teanga agus de na póstaer a fháil trí theagmháil a dhéanamh le hoifig *C.O.G.G.* ag eolas@cogg.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógraíonn *Glór na nGael* go mbeidh “Gaeilge gan Stad!” ar ais i mbliana. Is í aidhm an imeachta seo ná daoine óga a spreagadh chun a bheith ag labhairt as Gaeilge ar feadh lá amháin. Beidh ar na rannpháirtithe an Ghaeilge labhartha a úsáid sa bhaile, le cairde agus sna siopaí.

Tá de bhuntáiste ag “Gaeilge gan Stad” go léiríonn sé gur teanga bheo bhríomhar í an Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga. Ghlac os cionn dhá mhíle páiste páirt san imeacht anuraidh agus beidh na mílte ag glacadh páirte arís i mbliana.

Is féidir le páistí clárú do “Gaeilge gan Stad” ag www.glórangael.ie roimh an séú lá déag de Bhealtaine. Cuirfear t-léine agus póstaer chuig gach duine a chláraíonn.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Fógra anseo d'amhránaithe. Bíonn oíche rialta amhránaíochta ar siúl ag *Club Chonradh na Gaeilge* ar an gcéad Déardaoin de gach mí. Tá *Club Chonradh na Gaeilge* lonnaithe ar Shráid Fhearchair, Baile Átha Cliath.

Cuirtear fáilte ag an gclub roimh amhránaithe d'achan chúlra. Bíonn amhráin nua-scríofa, aistriúcháin, bailéid, amhráin ar an sean-nós, agus fiú rap-amhráin le cloisteáil ann. Moltar d'amhránaithe na focail a bheith ar eolas acu de ghlanmheabhair. Bíonn atmaisféar cairdiúil fáilteach ag an gclub agus cuirtear fáilte mhór roimh éisteoirí, fosta, ar ndóigh.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin gclub amhránaíochta, buail isteach chuig an gcéad teacht le chéile eile ar an gceathrú lá de Bhealtaine, nó cláraigh don oíche ag www.cnag.ie. Osclófar na doirse ar a hocht a chlog!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le

Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Tadhg: Dia duit, a Mháire. Conas tánn tú?
(Tomás)
- Máire: Dia is Muire duit, a Thaidhg. Táim go breá ar fad go raibh maith agat. An bhfaca tú gur cuireadh Fiona faoi agallamh in *InTouch* le déanaí?
- Tadhg: Ní fhaca. Cén Fiona atá i gceist agat?
- Máire: Fiona a bhí i Londain linn agus a rinne An Cháilíocht sa Ghaeilge anuraidh.
- Tadhg: Caithfidh go bhfuil an t-agallamh sin an-spéisiúil. An bhfuil Fiona ar ais in Éirinn anois?
- Máire: Tá. Tá sí ag múineadh i mBunscoil na Cathrach i gContae Thiobraid Árann.
- Tadhg: Agus an bhfuil críochnaithe aici leis an gCáilíocht sa Ghaeilge?
- Máire: Tá. D'éirigh léi an S.C.G. a bhaint amach an bhliain seo caite. Ní raibh a fhios agamsa gur chaith sí ocht mbliana i Londain san iomlán.
- Tadhg: Bhí sí ann tamall fada ceart go leor ach tá áthas orm di gur éirigh léi teacht abhaile.
- Máire: Bhuel! Má éiríonn leis an mbeirt againne an S.C.G. a chríochnú i mbliana beimid go léir in ann fanacht in Éirinn ansin! Níor mhaith liom filleadh ar Londain ag an bpointe seo i mo shaol.
- Tadhg: Caithfidh mé a rá go gcuirfeadh sé as domsa, freisin. Bheadh an taisteal go léir an-deacair agus mhothóinn uaim mo theaghlach agus mo chairde. Cé go mbíonn páistí mar an gcéanna i ngach áit, níl aon tinteán mar do thinteán féin!
- Máire: Tá an ceart ar fad agat. Thug Fiona go leor moltaí fiúntacha ina hagallamh maidir leis an S.C.G. – beidh orainn iad a leanúint agus sinn ag ullmhú do na scrúduithe!
- Tadhg: Léifidh mé an t-agallamh sin níos déanaí!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Laoise: Bail ó Dhia ort, a Phádraig. Cén chaoi a bhfuil tú?
(Treasa)
- Pádraig: Táim go han-mhaith, a Laoise. Cén chaoi a bhfuil tú féin?
(Seosamh)
- Laoise: Táimse go breá! Chuala mé ar maidin go bhfuair an t-aisteoir cáiliúil,
Angela Lansbury bás inné.
- Pádraig: Chuala mé é sin. Suaimhneas síoraí di. Bhí sí sé bliana is nócha d’aois.
- Laoise: Thaitin a cuid aisteoireachta go mór liom.
- Pádraig: B’aisteoir den chéad scoth í. Bhíodh sí go hiontach i gcónaí in *Murder She Wrote*.
- Laoise: Agus an cuimhin leat í in *Beauty and the Beast*?
- Pádraig: Is cuimhin. Bhí sí ar fheabhas!
- Laoise: Éireannach ab ea a máthair, Moyna Macgill, agus Sasanach ab ea a
hathair, Edgar Lansbury.
- Pádraig: Tá an ceart agat. Bhí a máthair ina haisteoir agus bhí a hathair ina
pholaiteoir.
- Laoise: Is cosúil go raibh Anglea an-bhródúil as a féiniúlacht Éireannach.
- Pádraig: Bhí. Ceapaim go ndúirt sí go bhfuair sí a hacmhainn ghrinn ó na
hÉireannaigh!
- Laoise: Ach nár chaith sí tréimhse ina cónaí in Éirinn, freisin?
- Pádraig: Chaith. Bhí teach aici i mBaile Choitín i gContae Chorcaí ach deireadh sí i
gcónaí gurbh í Acaill i gContae Mhaigh Eo an áit ab ansa léi in Éirinn.
- Laoise: Tá sé sin an-spéisiúil. Thaitin an tírdhreach sceirdiúil léi is dócha!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

Pól: Cad é mar atá tú a Mhoya? An ndearna tú aon rud deas le do rang chun an Cháisc a cheiliúradh i mbliana?

Moya: 'Bhfuil a fhios agat, a Phóil, bhí an-spraoi agam le mo rang le cúpla seachtain anuas.

Pól: An raibh? Cén rang atá agat?

Moya: Tá na Naíonáin Shinsearacha agam. D'fhoghlaimíomar go leor rannta agus amhrán ar théamaí an earraigh agus na Cásca. Cad é fútsa? An ndearna tusa aon rud deas?

Pól: Tá Rang a Dó agamsa. Rinneamar coiníní as stocaí! Ní raibh an cheardaíocht ró-iontach ach bhaineamar taitneamh as!

Moya: Tá sé sin ar dóigh!

Pól: Bíonn sé go deas, fosta, blaoscanna uibheacha a phéinteáil agus a mhaisiú ach ní raibh bomaite agam chun an ghníomhaíocht sin a dhéanamh i mbliana.

Moya: Ar léigh tú aon leabhar faoin gCáisc le do Rang?

Pól: Níor léigh. Tá sé doiligh go leor teacht ar leabhair Ghaeilge ar ábhar na Cásca nach bhfuil?

Moya: Bainim úsáid as *Bran agus an Cháisc*, *Cití Cearc* agus *Coinín Beag* ach seans nach mbeadh na leabhair sin oiriúnach do Rang a Dó.

Pól: Ní fhaca mé an leabhar *Coinín Beag* riamh. Beidh orm an ceann sin a fháil!

Moya: Fuair mé é sa leabharlann i nGaoth Dobhair. Bíonn an-chuid leabhar do pháistí sa leabharlann sin de ghnáth.

Pól: Tá sé sin go hiontach. Beidh orm cuairt a thabhairt uirthi.

Moya: Tchífidh mé ansin thú, a Phóil!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Seoladh acmhainní nua don uathachas san oideachas lán-Ghaeilge in Óstán Bhaile an Róistigh, Corcaigh aréir. Toradh is ea na hacmhainní seo ar chomhoibriú idir trí eagraíocht éagsúla: *Gaeloideachas*, *As I Am* agus *Middletown Centre for Autism*. Bhí tuismitheoirí, múinteoirí agus Príomhoidí i láthair ag an seoladh.

Agus í ag labhairt ag an ócáid, dúirt Príomhfheidhmeannach, *Gaeloideachas*, Bláthnaid Ní Ghréachain, go bhfuil sé mar aidhm ag *Gaeloideachas* cur leis an méid taighde agus leis an méid acmhainní atá ar fáil i réimse an uathachais chun tacú le páistí agus le déagóirí, barr a gcumais a bhaint amach ar scoil.

Thréaslaigh Bláthnaid, freisin, leis na scoileanna lán-Ghaeilge ar fad a d'oscail ranganna speisialta i mbliana agus dúirt sí go raibh fáilte roimh dhaoine a dtaithí agus acmhainní eile a roinnt ar shuíomh gréasáin *Gaeloideachas*.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Cuireadh ar ceant inné trí phictiúr leis an ealaíontóir cáiliúil, Séan Keating. Radhairc den saol ar Oileáin Árann thart ar an mbliain naoi déag caoga ab ea iad agus bhí siad ar díol mar chuid de bhailiúchán an scoláire, an tAthair Eric Mac Fhinn. Chaith an tAthair Eric Mac Fhinn blianta ina Léachtóir le hOideachas i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh, agus thug sé tacaíocht do go leor ealaíontóirí i rith a shaoil.

Níor díoladh ach ceann amháin de na pictiúir ag an gceant, áfach. Bhí réamh-mheastachán de sheachtó míle euro curtha ar *Waiting for the Steamer* agus bhí réamh-mheastachán de chaoga míle euro curtha ar *Village on the Aran Islands*, ach fágadh an dá phictiúr ola sin gan díol nuair nár ofráladh an méid airgid a bhí sna réamh-mheastacháin.

Agus í ag labhairt ag an gceant, dúirt Máire Ní Mhaoláin, nach dtuigeann sí an fáth nach raibh spéis ag an bpobal sna pictiúir agus gur tugadh an-aitheantas roimhe seo don ealaín a rinne Seán Keating faoi Chogadh na Saoirse.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Tá *Gaelchultúr* tar éis cúrsa úrnua Dioplóma a fhorbairt. Beidh an Dioplóma Gairmiúil ceannródaíoch seo dírithe ar dhaoine gairmiúla a bhfuil ról lárnach acu i dtreorú todhchaí an phláinéid. ‘Fiontair Bheo: Cuspóir, Straitéis agus Ceannaireacht’ a thugtar ar an gcúrsa agus maireann sé dhá sheachtain déag san iomlán. Tá sé d’aidhm ag an gcúrsa comhrá tairbheach a thosú maidir leis an ról atá ag an gcultúr i bhforbairt luachanna chun todhchaí ghlas a chinntiú.

Ba é an tOllamh Fionnbarra Ó Brolcháin a dhear an cúrsa agus tá súil aige go meallfar múinteoirí bunscoile, go háirithe, chun tabhairt faoi. Dúirt sé, áfach, go rachadh an cúrsa chun sochair d’aon duine ar mhaith leis nó léi réitigh ghlasa a fháil ar shaincheisteanna eacnamaíochta.

Ag seoladh an chúrsa nua i mBéal Feirste aréir, ghabh Bainisteoir Margaíochta agus Díolachán, *Gaelchultúr*, Ellen Curtin, buíochas le *Belfast Media* as scoláireacht a chur ar fáil do rannpháirtithe an chúrsa.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.